

Treoirlínte an Bhoird Chomhairligh Achomharc um Limistéir Ainmnithe Samhain 2014

1. Bonn Dlíthiúil um Bunú.

Rinne na Rialacháin na gComhphobal (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 (I.R. Uimh. 94 de 1997) Treoir maidir le Gnáthóga agus Treoir maidir le hÉin ón AE a aistriú isteach sa reachtaíocht náisiúnta. In áit na Rialachán seo anois tá Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011).

Faoi Rialachán 13(1) de Rialacháin 2011, féadfaidh “Duine ar a seirbheáiltear fógra faoi Rialachán 12(2) nó duine ar bith eile a bhfuil leas acu nó atá i dteideal leas a bheith acu sa nó ar an talamh atá sa láthair, nó cuid de, ...” cur i gcoinne tailte a bheith curtha san áireamh laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta taobh istigh de na teorainneacha ama agus den bhealach atá leagtha amach. I Rialachán 17(1) déantar na forálacha céanna i dtaca leis na Limistéir Chaomhantais Speisialta.

I Rialacháin 13(4) agus 17(4) déantar foráil go nglacann an tAire le Moltaí ón mBord.

In Alt 16(7) den Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 déantar na forálacha céanna i dtaca leis na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha.

Forléiríonn spiorad na Rialachán thuas bunús a chur ar fáil chun éisteacht le hagóidí uathu siúd nach bhfuil a leasa curtha san áireamh sna láithreacha ar liosta an iarrthóra agus ar mian leo go mbeidh na leasa sin curtha san áireamh.

I ndiaidh na Rialacháin a thabhairt isteach, bhunaigh an tAire comhlacht neamhrechtúil le moltaí a chur ar fáil maidir le hagóidí ar leith. Déanfaidh an tAire a leithéid moltaí a mheas agus cinneadh á dhéanamh ar achomharc ar leith, ach ní chaithfidh sé/sí cloí leo.

Cé go mbaineann na forálacha reachtaíochta go sonracha le “agóidí” ar thaobh na n-úinéirí talún, meastar gur téarmaí inmhalartaithe iad na téarmaí “achomhairc” agus “achomharcóirí” a úsáidtear go coitianta i gcomhthéacs obair an Bhoird.

2. Ainm an chomhlachta a dhéanfaidh agóidí a mheas

Glaofar an “Bord Comhairleach Achomharc um Limistéir Ainmnithe” (BCALA) air seo agus glaofar “An Bord Comhairleach” air as seo amach.

3. Comhdhéanamh an Bhoird Chomhairligh

I dtaca le haon éisteacht achomhairc, beidh an Bord Comhairleach déanta suas de Chathaoirleach agus ceathrar comhaltaí Boird. Beidh ballraíocht an Bhoird Chomhairligh déanta suas mar seo a leanas: -

- Cathaoirleach, as painéal mar atá ceaptha ag an Aire agus
- Beirt chomhalta den Bhord Comhairleach le bheith curtha ar fáil as gach ceann den dá phainéal atá déanta suas mar seo a leanas:-
 - Beidh an ballraíocht den **Phainéal Úinéirí Talún/Úsáideoirí/Táirgeoirí** déanta suas de bheirt chomhalta as aon cheann de na comhlachtaí ainmniúcháin seo a leanas – Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Cumann Soláthróirí Baine Uachtarlainne na hÉireann agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.
 - Cuirfidh Piléar Comhshaoil na Comhpháirtíochta Sóisialta na hainmniúcháin don **Phainéal Grúpaí Caomhantais**, agus tógfar iad as na heagraíochtaí atá rannpháirteach sa Philéar sin.

Tá gach painéal comhdhéanta d'ainmnithe atá tógtha as na heagraíochtaí atá i gceist a bheidh ar an mBord Comhairleach.

Beidh Comhairleoir Eolaíochta neamhspleách ar fáil don Bhord Comhairleach chun cuidiú le brí a bhaint as tuairiscí eolaíochta, sonraí, etc.

Cuirfear seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Bhord Comhairleach de réir mar is cuí.

Déanfar athbhreithniú ar ballraíocht an Bhoird Chomhairligh ó am go ham. Beidh gach ball i dteideal a bheith ainmnithe arís ag an Aire nó ag an gcomhlacht ainmniúcháin de réir mar is cuí. B'fhéidir go mbeidh níos mó ná Cathaoirleach amháin ceaptha ag an Aire ag an am céanna, chun éisteachtaí na n-achomharc a éascú. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh ainmniúcháin an Phainéil Úinéirí Talún/Úsáideoirí/Táirgeoirí agus an Phainéil Grúpaí Caomhantais, má iarrann an tAire, cur leis an líon a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil lena chinntiú go bhfuil buíon shásúil de bhaill ar fáil ag am ar bith le sceidealú na n-éisteachtaí a éascú gan aon mhoill mhíchuí.

Ní hé ballraíocht lánaimseartha a bheidh i gceist le ballraíocht an Bhoird Chomhairligh. Suífidh an Bord Comhairleach chomh minic agus is gá leis an obair a chur i gcrích.

Íocfar costais taistil agus cothabhála a thabhaíonn comhaltaí an Bhoird Chomhairligh mar is ceart le linn thréimhse oibre an Bhoird Chomhairligh i gcomhréir le rátaí na Státseirbhíse i dtreis tráthanna ábhartha. D'fhéadfadh liúntas *Per Diem* a bheith iníoctha freisin. Tá ráta agus infheidhmeacht an liúntais seo faoi réir fhaomhadh na Roinne Airgeadais.

4. Nós Imeachta chun éisteacht le hAgóidí.

Beidh an Bord Comhairleach comhdhéanta de Chathaoirleach agus beirt ionadaí as gach Painéal.

Is é a bheidh i gceist le córam an Cathaoirleach agus beirt ainmní den Bhord Comhairleach inar chóir go mbeadh comhalta amháin den Bhord Comhairleach ar a laghad as gach ceann de na Painéil thuasluaite. I gcás go gcríochnaíonn an vóta cothrom, beidh an vóta réitigh chun teacht ar Mholadh ag an gCathaoirleach.

- Cuirfidh an Bord Comhairleach in iúl don duine atá ag cur i gcoinne maidir leis an dáta, am agus ionad ina ndéanfar a gcás a mheas, agus de ghnáth tabharfar fógra 7 lá roimh ré ar a laghad.
 - Éistfidh/feicfidh an Bord Comhairleach aighneachtaí ó na Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ar dtús agus ansin éistfidh/feicfidh sé cás an duine atá ag cur i gcoinne.
 - Ní féidir cás an Duine atá ag cur i gcoinne a dhéanamh ach amháin ar chúiseanna “eolaíochta” (féach na Rialacháin). Ní féidir agóidí atá déanta ar chúiseanna socheacnamaíocha, stairiúla ná de chineál forbartha a d’fhéadfadh tarlú amach anseo, a mheas. Déanfaidh Rúnaíocht an Bhoird scéim cúnamh deontais a riar chun cuidiú le hachomharcóirí cúiteamh a dhéanamh ar chuid den chostas atá i gceist le sainchuidiú eolaíochta a fháil. Comhaontófar uasteorainn an deontais seo leis an Aire ó am go ham.
 - Déanfaidh an Bord Comhairle na hagóidí a mheas ar bhonn aighneachtaí i scríbhinn agus/nó aighneachtaí ó bhéal a mheasfaidh an Cathaoirleach a bheith oiriúnach. Mar atá leagtha amach thuas, ní mór na haighneachtaí seo a bheith ina n-aighneachtaí eolaíochta. Gheobhaidh an t-achomharcóir agus an NPWS an deis le miontuairiscí eolaíochta a chur faoi bhráid an Bhoird, agus beidh deis tugtha dóibh freisin le ráiteas i scríbhinn a chur ar fáil i dtaobh na tuairisce eolaíochta a chuireann an taobh freasúrach roimh aon éisteacht achomhairc.
 - Déanfaidh an Rúnaíocht gach iarracht lena chinntiú go bhfaigheann Comhaltaí Boird na doiciméid uile chuí, tuairiscí eolaíochta, léarscáileanna agus eolas eile ábhartha don achomharc ina measc, trí seachtaine ar a laghad roimh thús na héisteachta. B’fhéidir nach mbeidh ráitis i scríbhinn ón achomharcóir agus/nó ón NPWS maidir le tuairisc eolaíochta an fhreasúra ar fáil go dtí níos gaire don éisteacht.
 - D’fhéadfadh Duine atá ag cur i gcoinne a (h)agóid a tharraingt siar am ar bith roimh an lá agus ar an lá é féin atá an Bord Comhairleach leis an agóid a mheas. Ach, d’fhéadfadh impleachtaí a bheith ag an eolas a bailíodh suas go dtí an pointe a rinneadh an tarraingt siar don ainmniú atá molta.
5. Na critéir atá le húsáid ag an mBord Comhairleach nuair a dhéantar agóidí a mheas.
- Ní dhéanfaidh an Bord Comhairleach ach cásanna a mheas ar bhonn foirmiúil áit ar tugadh an deis don duine atá ag cur i gcoinne le go ndéileálfáí leis na hábhair atá faoi chaibidil ar bhonn neamhfoirmiúil, (ag an Roinn

Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) agus áit nár éascaigh an tairiscint seo réiteach sásúil ó thaobh an duine atá ag cur i gcoinne. Ní féidir agóidí a chur isteach go díreach chuig an mBord.

- Is é an NPWS moltóir na n-ainmnithe agus ní mór dóibh fianaise a chur ar fáil go bhfuil gá lena moltaí chun críche na Rialachán maidir le Gnáthóga agus/nó na nAchtanna Fiadhúlra agus chun iad a chomhlíonadh.
- D'fhéadfadh an Bord Comhairleach moladh a dhéanamh go bhfanfaidh limistéar atá molta le bheith ainmnithe (SAC, SPA nó NHA) ar thalamh an duine féin atá ag cur i gcoinne, mar atá sé nó go gcuirí leis nó go laghdófaí é.
- Déanfaidh an Bord Comhairleach cinneadh cibé an/nach bhfuil Gnáthóg Tosaíochta/Neamhthosaíochta i láthair ar an láthair trí thagairt a dhéanamh do na critéir eolaíochta atá leagtha síos i dTreoir maidir le Gnáthóga de chuid an AE agus don fhianaise atá curtha i láthair.
- I dtaca le Limistéir faoi Chosaint Speisialta, déanfaidh an Bord Comhairleach cinneadh freisin cibé an bhfuil “gnáthóg speicis” ann nó amhlaidh, atá sainmhínithe i Rialachán maidir le hÉin agus Gnáthóga 2011, mar seo a leanas:

Ciallaíonn “Gnáthóg speicis” comhshaol arna shainiú de réir fachtóirí aibitheacha agus bitheacha sonracha, ina maireann an speiceas nó ar a mbíonn sé ag brath ag aon chéim dá thimthriall bitheolaíoch.
- Déanfaidh an Bord an bunús eolaíochta iomlán a úsáidtear a mheas leis na limistéir le haghaidh ainmniúcháin, mar SAC nó SPA.
- Déanfaidh an Bord an bunús eolaíochta a mheas freisin leis na NHAanna a roghnú i gcomhréir leis na hAchtanna Fiadhúlra.
- Ní mór measúnú a dhéanamh ar agóidí ar bhunús na ngnáthóg atá ann ag am na fógartha i gcás na cSACanna nó teacht i bhfeidhm na Treorach maidir le hÉin i gcás na SPAanna. Níor chóir athruithe, damáiste etc. a tharlaíonn ina dhiaidh sin mar chúiseanna le moladh a dhéanamh go mbeadh láthair nó cuid de láthair as an áireamh. Mura féidir cinneadh a dhéanamh cibé ar tharla athruithe/ an raibh damáiste i gceist roimh an bhfógairt nó i ndiaidh na fógartha / de theacht i bhfeidhm na Treorach maidir le hÉin, ní mór don Bhord Comhairleach glacadh leis gur tharla sé ina dhiaidh. Ba chóir a thabhairt faoi deara go measann an Coimisiún Eorpach gur chóir go mbeadh an Treoir maidir le Gnáthóga a bheith curtha i bhfeidhm faoi 1995.
- Ní féidir leis an mBord Achomharc ráflaí ná tuairimí ginearálta a úsáid mar bhunús le cinneadh a dhéanamh maidir lena Moladh i gcás ar bith. Ní féidir ach na fíricí atá curtha i láthair i dtuairiscí eolaíochta na bpáirtithe faoi seach, in éineacht leis an gcomhairle, más ann di, a chuir an Comhairleoir Eolaíochta ar fáil don Bhord Achomharc, chomh maith le polasaithe ar bith atá comhaontaithe go náisiúnta, chun na críche sin.

- Ní mór don Bhord a bheith ar an eolas faoin gcásdlí náisiúnta agus de chuid an AE atá iomchuí maidir le brí a bhaint as na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin, na Rialacháin maidir le Gnáthóga agus na hAchtanna Fiadhúlra, agus maidir lena gcur i bhfeidhm agus na hagóidí á meas.
- Áit a measann an Bord Comhairleach go bhfuil gá leis in aon chás ar leith, d'fhéadfadh an Bord ligean do dhuine atá ag cur i gcoinne saineolaí neamhspleách a choimisiúnú le tuairisciú a dhéanamh ar an láthair. Cuirfear painéal de shaineolaithe a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu le chéile leis an seirbhís seo a chur ar fáil. Chomh fada agus is féidir, ní bheidh baint ag na saineolaithe atá ar an bpainéal seo le cinneadh a dhéanamh maidir leis an ainmiú molta SAC a bhí ann ar dtús. Beidh duine atá ag cur i gcoinne saor leis na seirbhísí de shaineolaí a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige/aici a fháil nach bhfuil ar an bpainéal oifigiúil.
- D'fhéadfadh an Cathaoirleach éisteacht a chur ar athlá chomh minic agus is gá agus atá ar aon dul le cothroime agus cothromas. Mar shampla, i gcásanna ina bhfuil gá le níos mó eolais eolaíochta iomláin i dtaca le láthair ar leith.
- Cuirfidh an Bord Comhairleach in iúl don Aire maidir lena Mholadh i ngach cás a thagann faoina bhráid agus na cúiseanna a bhaineann leis tar éis éisteacht leis na haighneachtaí uile a mheasann sé a bheith ábhartha.
- Cuirfidh an Bord Comhairleach a Mholadh in iúl i ngach cás don Aire laistigh de 14 lá den achomharc a mheas ag éisteacht ó bhéal nó ar bhealach eile.
- Déanfaidh an tAire Moladh an Bhoird Chomhairligh a mheas i ngach cás agus socróidh sé go gcuirfí a C(h)inneadh in iúl don duine atá ag cur i gcoinne. Eagróidh Rannóg na Limistéar Láithreach athbhreithniú a dhéanamh ar léarscáileanna teorann de réir mar is gá.

6. Treoracha Polasaí

Ó am go ham, d'fhéadfadh an tAire treoracha polasaí a eisiúint chuig an mBord nach mór a bheith curtha san áireamh agus moltaí á ndéanamh maidir le hachomhairc. Maidir leis seo:

- Shonraigh an tAire nach bhfuil sé praiticiúil bóithre agus/nó conairí a chur as an áireamh ó Limistéir Ainmnithe.
- Ba chóir limistéir a ndearnadh damáiste orthu i ndiaidh dóibh a bheith ainmnithe a choinneáil sa limistéar ainmnithe.
- Tá cinneadh déanta ag an Aire freisin go bhfuil moltaí a dhéantar maidir le 'Gníomhaíochtaí a bhfuil Cead de Dhíth orthu' agus/nó ceisteanna pleanála, lena n-áirítear pleanáil úsáide talún, Pleananna Feirme agus Pleananna Bainistíochta etc., lasmuigh de shainordú an Bhoird.

- Tá riachtanais aonair um chosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga, Treoir maidir le hÉin agus na Achtanna Fiadhúlra. Ní féidir glacadh leis nach bhfuil cosaint na Rialachán maidir le Gnáthóga, a aistríodh go dtí an Treoir maidir le Gnáthóga agus an Treoir maidir le hÉin, ná na hAchtanna Fiadhúlra riachtanach tríd is tríd toisc go bhféadfadh cóid reachtaíochta eile (Achtanna Pleanála, Treoir um Níotráití, Treoirlínte REPS, etc.) cosaint áirithe a thabhairt do na gnáthóga/speicis atá i gceist.

7. Buiséad/Acmhainní an Bhoird Chomhairligh.

Cuirfidh Rúnaíocht seirbhís ar fáil don Bhord Comhairleach ina gcuirfear acmhainní ar fáil a mheasfar iomchuí ó am go ham. Cuirfear áiseanna oifige agus áiseanna le haghaidh éisteachta ar fáil de réir mar is gá. Cuirfear Comhairleoir Eolaíochta ar fáil freisin.

8. Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Agus é ag tabhairt faoina chuid oibre tá an Bord Comhairleach tiomanta d'fheidmiú ar bhealach atá cothrom agus trédhearcach mar a bheadh i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha agus le Plean Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Éistfear le hachomhairc trí Ghaeilge más gá, agus is féidir doiciméid a chur ar fáil d'achomharcóirí má bhíonn siad de dhíth.

9. An tAcht um Shaoráil Faisnéise agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Eolas faoin gComhshaol)

I gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Eolas faoin gComhshaol) is féidir iniúchadh a dhéanamh ar ghnó an Bhoird Chomhairligh.

10. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí

Baineann forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí leis an gCathaoirleach/ na Cathaoirligh agus le Comhaltaí an Bhoird Chomhairligh.

11. Coinbhleacht Leasa

Dearbhóidh an Cathaoirleach agus Comhaltaí den Bhord Comhairleach aon choinbhleacht leasa a thagann chun cinn. Déanfar cinneadh maidir lenar chóir duine ar bith i gceist a bheith fágtha amach as achomharc ar leith cás ar chás.

D'fhéadfadh coinbhleachtaí leasa eascairt as na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- úinéireacht/comhúinéireacht ar an láthair atá i gceist,
- caidreamh pearsanta, gairmiúil nó gnó leis an úinéir/ na húinéirí san am a chuaigh thart agus i láthair na huaire
- leasa gnó iomaíochta atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann, etc.

12. Iompar Chomhaltaí an Bhoird

Ba chóir go mbeadh comhaltaí Boird in ann tabhairt faoina gcuid dualgas agus iad saor ó aon chineál ciaptha, ciaptha ghnéasaigh, bulaíochta ná aon iompair bhagartha. Táthar ag súil go dtabharfaidh gach duine a ghníomhaíonn don Bhord agus thar a cheann meas do cheart na dínite atá ag gach duine. Ní ghlacann an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le haon chineál bulaíochta agus ní chuirfear suas leis in aon chomhlacht atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne.

Tá achomharcóirí i dteideal mheas agus aird iomlán an Bhoird, i rith tréimhse éisteachta achomhairc agus i rith aon chigireachta a bhaineann leis an láthair. Dá réir sin meastar nach bhfuil úsáid fón póca, ríomhairí boise (PDAanna), ríomhairí glúine, etc. le haghaidh gnó nach bhfuil baint dhíreach leis an achomharc atá idir lámha iomchuí. Bheadh baint aige seo freisin le seisiúin atá dúnta ó éisteachtaí, áit a bhfuil comhaltaí Boird i dteideal mheas agus aird iomlán a gcomhaltaí Boird.

13. Nochtadh eolais

Níor chóir do chomhaltaí Boird a moladh/moltaí a nochtadh do na hachomharcóirí ná dá ngníomhaire/gníomhairí. Is é riachtanas seanbhunaithe de chuid an Aire atá ann ag an am go ndéanfaidh sé/sí a leithéid Moltaí a mheas agus go ndéanfaidh sé/sí cinneadh fúthu go foirmiúil sula gcuirtear an duine atá ag cur i gcoinne maidir leis an Moladh. Déantar é seo ionas go mbeidh an deis i ndáiríre ag an Aire leis an Moladh a mheas, agus go mbeidh an deis aige/aici an moladh a dhiúltú má mheasann sé/sí nach bhfuil an moladh iomchuí.

Tá áiseanna ann i gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Eolas ar an gComhshaoil) 2007 le go mbeidh an pobal in ann eolas a fháil a bhaineann lena n-achomhairc aonair, etc., taifid an Bhoird san áireamh.

Níor chóir do chomhaltaí Boird tuairim a léiriú d'achomharcóir ná d'aon chomhaltaí boird maidir le hábhar ar bith atá faoi bhráid an Bhoird, seachas eolas a thabhairt maidir leis na nósanna imeachta.

Níor chóir d'aon chomhalta Boird eolas a bhaineann leis na nithe seo a leanas a thabhairt d'aon pháirtí, breathnóir ná d'aon bhall den phobal:-

- ainmneacha chomhaltaí an Bhoird atá ag déileáil le cásanna ar leith roimh thús cáis atá ag tosú,

- eolas ar leith maidir le cruinnithe Boird, lena n-áirítear ráitis, tuairimí, aighneachtaí, ionchuir eile etc. atá déanta ag comhaltaí boird aonair
- ábhair mholtaí an Bhoird don Aire i rith tréimhse achomhairc go dtí go bhfuil siad ar fáil i gcoitinne i gcomhréir leis na nósanna imeachta cuí
- Féadfaidh comhaltaí Boird tuairisciú ar ais chuig a máthaireagraíochtaí/ Piléar, agus/nó dul i gcomhairle le saineolaithe inmheánacha d'fhonn rannpháirtíocht comhalta, ach ar an tuiscint docht nach n-éascóidh an mháthaireagraíocht / Piléar aon nochtadh moltaí aonair, etc. do dhuine atá ag cur i gcoinne ná d'aon pháirtithe sula ndéanann an tAire cinneadh foirmiúil ar an gcás sin.

Ba chóir aon fhiosrú ó na meáin chuig comhalta Boird a chur chuig an gCathaoirleach ar dtús.

Ach amháin le cead i scríbhinn ón gCathaoirleach, ní féidir le comhalta Boird

- ráiteas a dhéanamh ná agallamh a thabhairt do na meáin faoi fheidhmíocht fheidhmeanna an Bhoird,
- aon ábhar a bhaineann le feidhmíocht fheidhmeanna an Bhoird a ullmhú le foilsiú, a fhoilsiú nó murach sin a bheith mar chúis ná cead a thabhairt le bheith foilsithe ná le bheith craolta ag an raidió ná an teilifís ná aon mheáin eile,
- aon tuairim nó tuairimí a bhaineann le cúrsaí achomhairc i gcoitinne a chur san fhearann poiblí nó cuidiú lena chur/ gcur ann áit a bhféadfaí brí réasúnta a bhaint as a leithéid tuairimí, ar bhealach ar bith, mar thuairimí a léiríonn claontacht i leith fheidhmiú dualgas an duine sin nó a chuireann cosc leis nó a bhféadfaí brí réasúnta a bhaint astu mar thuairimí a chuireann isteach ar neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht an Bhoird.